Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 14 Feabhra 2022**
**(OR. fr)**

**5996/22**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2022/0024(NLE)**

**MI 95**
**ECO 9**
**ENT 13**
**UNECE 3**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | 6140/22 + ADD1 |
| Ábhar: | Togra le haghaidh CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh san Fhóram Domhanda um Chomhchuibhiú Rialachán d'Fheithiclí faoi choimirce Choimisiún Eacnamaíochta na Náisiún Aontaithe don Eoraip a mhéid a bhaineann leis na tograí le haghaidh modhnuithe ar Rialacháin Uimh. 0, 9, 10, 13, 39, 46, 51, 53, 55, 63, 78, 79, 90, 107, 108, 109, 116, 117, 121, 125, 141, 142, 148, 149, 152, 154, 155, 160, 161, 162 agus 163 ó na Náisiúin Aontaithe, a mhéid a bhaineann leis an togra le haghaidh Rialachán nua Teicniúil Domhanda ó na Náisiúin Aontaithe (RTD), maidir le marthanacht ceallraí infheithicle i bhfeithiclí leictreacha, an togra le haghaidh leasuithe ar Rún Comhdhlúite R.E.5, an togra le haghaidh údarú chun leasú 4 ar UN GTR Uimh. 3 a fhorbairt agus an togra le haghaidh údarú chun UN GTR nua a fhorbairt maidir le hastaíochtaí cáithníní coscán<br>- Glacadh |

1. Chuir an <u>Coimisiún</u> an togra thuasluaite faoi bhráid na Comhairle an 27 Eanáir 2022.

2. An 28 Eanáir 2022, bhí malartú tuairimí ag an Meitheal um Chomhchuibhiú Teicniúil (Mótarfheithiclí) maidir le dréacht den togra ón gCoimisiún. Rinneadh an togra a thíolacadh agus a scrúdú go foirmiúil sa Mheitheal um Chomhchuibhiú Teicniúil (Mótarfheithiclí) an 11 Feabhra 2022, tar éis don Choimisiún é a ghlacadh an 10 Feabhra 2022.

3. Ag an gcruinniú sin an 11 Feabhra, mhol toscaireacht amháin an togra ón gCoimisiún a leasú d'fhonn dhá dhoiciméad a bhaineann le Rialachán Uimh. 155 ó na Náisiún Aontaithe a chur san áireamh nach raibh ar chlár oibre sheisiún WP.29 i mí an Mhárta 2022 tráth ar chuir an Coimisiún tús leis an bpróiseas chun a thogra a ghlacadh, chomh maith le doiciméad eile a bhaineann le Rialachán Uimh. 152 ó na Náisiúin Aontaithe. Níor chuir aon toscaireacht i gcoinne na leasuithe sin.

4. Mar sin, iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe an méid seo a leanas a dhéanamh:

– an comhaontú ar thángthas air sa Mheitheal a dhearbhú,

– a mholadh don Chomhairle an Cinneadh ón gComhairle, mar a chuir na dlítheangeolaithe bailchríoch air agus mar a leagtar amach in 5998/22 é, a ghlacadh mar mhír ʽA' ar chlár oibre ceann de na cruinnithe a bheidh ann amach anseo.

5. I gcomhréir le hAirteagal 218(10) CFAE, cuirfidh Ardrúnaíocht na Comhairle Parlaimint na hEorpa ar an eolas faoi ghlacadh an Chinnidh seo.